FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

Nuashonrú ar an liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([1])

(2023/C 274/06)

An liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([2]), foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tá nuashonrú rialta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

LIOSTA DE CHEADANNA CÓNAITHE ARNA nEISIÚINT AG NA BALLSTÁIT

AN GHRÉIG

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

1. ***Ceadanna cónaithe a eisítear de réir na formáide aonfhoirmí chuig náisiúnaigh tríú tír (Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, arna leasú***

— Άδεια διαμονής (ομογενών εξ Αλβανίας και των μελών των οικογενειών τους)

(Cead cónaithe: Deonaítear é do náisiúnaigh Albánacha de bhunadh na Gréige agus do bhaill dá dteaghlaigh (leanaí mionaoiseacha, céilí agus leanaí mionaoiseacha ó phósadh roimhe seo, ar choinníoll go bhfuil freagracht tuismitheora ar an gcéile astu, beag beann ar a náisiúntacht). Tá sé bailí suas le deich (10) mbliana.

— Άδεια διαμονής (ομογενών εκ Τουρκίας και των μελών των οικογενειών τους)

(Cead cónaithe – deonaítear é do náisiúnaigh Thurcacha de bhunadh na Gréige agus do bhaill dá dteaghlaigh (leanaí mionaoiseacha, céilí agus leanaí mionaoiseacha ó phósadh roimhe seo, ar choinníoll go bhfuil freagracht tuismitheora ar an gcéile astu, beag beann ar a náisiúntacht). Tá sé bailí suas le deich (10) mbliana.

Tabhair do d'aire: Ó bhí an 6 Samhain 2020 ann, tá gach cead cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír san fhormáid dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/1954. Tá na ceadanna cónaithe sa tseanfhormáid i gcúrsaíocht go dtí an dáta éaga.

2. ***Gach doiciméad eile a eisítear chuig náisiúnaigh tríú tír atá comhionann le cead cónaithe***

— Δελτίο Διαμονής Μέλους Οικογένειας Πολίτη της Ένωσης

(Cárta cónaithe baill teaghlaigh le saoránach den Aontas – eisítear é chuig náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh le saoránach den Ghréig nó le saoránach den Aontas iad, agus chuig tuismitheoirí leanaí mionaoiseacha)

— Διαμονής Μόνιμης Διαμονής Μέλους Οικογένειας Πολίτη της Ένωσης

(Cead buanchónaithe baill teaghlaigh le saoránach den Aontas – eisítear é chuig náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh le saoránach den Ghréig nó le saoránach den Aontas iad, agus chuig tuismitheoirí leanaí mionaoiseacha)

— Άδεια παραμονής αλλοδαπού (βιβλιάριο χρώματος λευκού)

([1]) Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
([2]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

(Cead cónaithe le haghaidh eachtrannach (leabhrán bán) – eisítear é chuig tairbhithe den chosaint idirnáisiúnta agus chuig dídeanaithe agus tá sé bailí suas le cúig bliana)

— Ειδικό Δελτίο Ταυτότητας Ομογενούς (εξ Αλβανίας) (χρώμα ροζ)

(Cárta aitheantais speisialta le haghaidh eachtrannaigh de bhunadh na Gréige (bándearg) – eisítear é chuig náisiúnaigh Albánacha de bhunadh na Gréige agus do bhaill dá dteaghlaigh (leanaí mionaoiseacha, céilí agus leanaí mionaoiseacha ó phósadh roimhe seo, ar choinníoll go bhfuil freagracht tuismitheora ar an gcéile astu, beag beann ar a náisiúntacht). Tá bailíocht neamhiata aige.

— Ειδικό Δελτίο Ταυτότητας Ομογενούς (εκ Τουρκίας)(χρώμα ροζ)

(Cárta aitheantais speisialta le haghaidh eachtrannaigh de bhunadh na Gréige (bándearg) – eisítear é chuig náisiúnaigh Thurcacha de bhunadh na Gréige agus do bhaill dá dteaghlaigh (leanaí mionaoiseacha, céilí agus leanaí mionaoiseacha ó phósadh roimhe seo, ar choinníoll go bhfuil freagracht tuismitheora ar an gcéile astu, beag beann ar a náisiúntacht). Tá bailíocht neamhiata aige.)

— Ειδικό Δελτίο Ταυτότητας Ομογενούς (από χώρες της τ. ΕΣΣΔ και τα τέκνα τους) (χρώμα ροζ)

Cárta aitheantais speisialta le haghaidh eachtrannaigh de bhunadh na Gréige (bándearg) – eisítear é chuig eachtrannaigh de bhunadh na Gréige ón iar-Aontas Sóivéadach agus chuig a leanaí mionaoiseacha. Tá bailíocht neamhiata aige)

— Ειδικές Ταυτότητες της Διεύθυνσης Εθιμοτυπίας του Υπουργείου Εξωτερικών

(Cártaí aitheantais speisialta arna n-eisiúint ag an Stiúrthóireacht um Prótacal na hAireachta Gnóthaí Eachtracha)

— Formáid 'D' (foireann taidhleoireachta) (dearg)

Eisítear an doiciméad seo chuig ceann gach misin taidhleoireachta, chuig comhaltaí na misean sin agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois) a bhfuil pasanna taidhleoireachta acu.

— Formáid 'A' (foireann riaracháin agus theicniúil) (oráiste).

Eisítear an doiciméad seo chuig baill foirne de chuid misean taidhleoireachta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois) a bhfuil pasanna seirbhíse acu.

— Formáid 'S' (foireann seirbhíse) (glas)

Eisítear an doiciméad seo chuig baill foirne seirbhíse de chuid misean taidhleoireachta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois).

— Formáid 'CC' (oifigeach consalachta) (gorm)

Eisítear an doiciméad seo chuig baill den fhoireann consalachta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois).

— Formáid 'CE' (fostaí consalachta) (bánghorm/gormghlas)

Eisítear an doiciméad seo chuig baill d'fhoireann riaracháin de chuid údarás consalachta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois).

— Formáid 'CH' (oifigeach consalachta oinigh) (liath)

Eisítear an doiciméad seo chuig consail oinigh.

— Formáid 'IO' (eagraíocht idirnáisiúnta) (liathchorcra trom)

Eisítear an doiciméad seo chuig baill foirne de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois) a bhfuil stádas taidhleoireachta acu.

— Formáid 'IO' (eagraíocht idirnáisiúnta) (liathchorcra éadrom)

Eisítear an doiciméad seo chuig baill d'fhoireann riaracháin de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois).

3. ***Doiciméid Shealadacha le haghaidh Tairbhithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar***

— Βεβαίωση (κατάθεσης δικαιολογητικών).

(Deimhniú um chur isteach na ndoiciméad tacaíochta – Deonaítear an doiciméad seo do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe agus do bhaill dá dteaghlaigh, ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad freisin, ar tairbhithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar iad, faoi Airteagal 4 de Chinneadh Aireachta Comhpháirteach Uimh. 4000/1/113-α'/ 14-10-2020 (reachtaíocht na Gréige). Deonaítear é tar éis a n-iarratas a fhormheas agus is cruthúnas é gur chuir siad isteach an doiciméadacht is gá chun go n-eiseofar an cead cónaithe faoi airteagal 18, mír 4 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Úsáidtear é ar feadh na tréimhse ina bhfuil an tairbhí den Chomhaontú um Tharraingt Siar ag fanacht le priontáil agus eisiúint an cheada cónaithe agus coinníonn an t-údarás inniúil é tar éis an cead cónaithe a bheith eisithe agus faighte.)

— Ειδική Βεβαίωση Νόμιμης Διαμονής της υπ'αριθ. 4000/1/113-α' Κ.Υ.Α. (ΥΠΟΔΕΙΓΜΑ ΚΑ-158).

(Deimhniú speisialta um Chónaí Dlíthiúil faoi Chinneadh Aireachta Comhpháirteach Uimh. 4000/1/113-α' Deonaítear an deimhniú seo do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe agus do bhaill dá dteaghlaigh, ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad freisin, ar diúltaíodh a n-iarratas ar eisiúint an cheada cónaithe faoi airteagal 18, mír 4 den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus a bhfuil achomharc déanta acu i gcoinne an chinnidh sin. Is cruthúnas é an deimhniú sin do na daoine a bhfuil sé ina seilbh acu go bhfuil cearta na saoránach faoi Chuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar acu ar feadh na tréimhse go dtí go dtabharfar an breithiúnas críochnaitheach i gcoinne aon diúltú d'iarratas den sórt sin. Tá sé bailí ar feadh bliain amháin. Coinníonn an t-údarás inniúil an deimhniú tar éis an scrúdaithe agus an bhreithiúnais chríochnaithigh ar an achomharc.

4. ***Cead Cónaithe na Cosanta Sealadaí le haghaidh Tairbhithe den Chosaint Shealadach***

— Άδεια Παραμονής 'Προσωρινή Προστασία'/ 'Cosaint Shealadach'.

(Eisítear Cead Cónaithe Sealadach do thairbhithe den chosaint shealadach ar bhonn an chreat reachtaigh a bhaineann le comhlíonadh na Treorach um Chosaint Shealadach agus Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 i gcomhréir le hairteagal 32 (is é sin Treoir 2001/55/CE ón gComhairle, Foraithne 80/2006 ón Uachtarán (G.G. A' 82), Cód Dlí maidir le Glacadh, Cosaint Idirnáisiúnta agus Cosaint Shealadach. Dlí Uimh. 4939/2022 (G.G. A' 111) agus Cinntí Aireachta Uimh. 31035/4 Márta 2022 agus Uimh. 172172/28 Márta 2022). Eisítear é chuig na catagóirí daoine seo a leanas:

a) náisiúnaigh den Úcráin a bhí ina gcónaí san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022,

b) daoine gan stát nó náisiúnaigh tríú tír eile, seachas an Úcráin, a raibh cónaí dlíthiúil orthu san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022 agus iad ina dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta nó de chosaint náisiúnta choibhéiseach, agus

c) baill de theaghlaigh na ndaoine dá dtagraítear sna cásanna thuasluaite. Ina theannta sin, de réir an chinnidh, measfar gur cuid den teaghlach iad na daoine seo a leanas, más rud é gur ann don teaghlach agus go raibh cónaí air san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022:

   a) céile an duine a thagann faoi phointí a) nó b) nó an duine lena bhfuil comhchónaí air, i saorchumann faoi chuimsiú caidreamh cobhsaí arna chruthú go cuí

   b) leanaí mionaoiseacha neamhphósta ag duine atá faoi phointí a) nó b) nó leanaí a chéile, bíodh laistigh de phósadh a saolaíodh iad nó ná bíodh nó bíodh siad uchtaithe nó ná bíodh;

   c) garghaolta eile a raibh cónaí orthu le chéile mar chuid den aonad teaghlaigh tráth na n-imthosca a bhain leis an insreabhadh mór agus atá ag brath go hiomlán nó i bpáirt ar dhuine dá dtagraítear i bpointí a) nó b) an tráth sin.

Ar bhonn Chinneadh Aireachta uimh. 81645/8 Feabhra 2023, maidir le síneadh a chur le bailíocht stádas na cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe ón Úcráin, déanfar bailíocht Cheadanna Cónaithe na Cosanta Sealadaí a théann in éag faoin 4 Márta 2023 a fhadú go huathoibríoch ar feadh tréimhse bhreise sé (6) mhí, is é sin go dtí an 4 Meán Fómhair 2023. Más rud é, le linn na tréimhse thuasluaite, nach gcinneann an Coimisiún Eorpach deireadh a chur leis an gcosaint shealadach mar stádas cónaithe, déanfar bailíocht Cheadanna Cónaithe na Cosanta Sealadaí a fhadú go huathoibríoch ar feadh sé (6) mhí bhreise, is é sin go dtí an 4 Márta 2024.

AN CHRÓIT

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

1. ***Ceadanna cónaithe ('dozvola boravka') a eisítear de réir na formáide aonfhoirmí:***

Vrsta boravka se unosi u obrazac dozvole boravka (Sonraítear an **cineál** ceada cónaithe ar an gcárta agus eisítear mar seo a leanas é):

— **stalni boravak**

Aistriúchán Gaeilge (BUANCHÓNAÍ)-

N.B. Tagairt do bhuanchónaí buan náisiúnta

— **dugotrajno boravište**

Aistriúchán Gaeilge (CÓNAÍ FADTÉARMACH)

Barúlacha éigeantacha sa teanga náisiúnta sa réimse 'cineál ceada':

— 'osoba s dugotrajnim boravištem-EU/cónaitheoir fadtéarmach - AE',

(arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2003/109/CE maidir le stádas náisiúnach tríú tíortha ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad)

— „međunarodnu zaštitu odobrila Republika Hrvatska (datum)

Aistriúchán Gaeilge: 'cosaint idirnáisiúnta a thugann Poblacht na Cróite (dáta)'

(arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2003/109/CE maidir le stádas náisiúnach tríú tíortha ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad arna leasú le Treoir 2011/51/AE)

— 'OSOBA S DUGOTRAJNIM BORAVIŠTEM-EU/LONG TERM RESIDENT-EU', sa réimse 'barúil' (napomene): 'bivši nositelj EU plave karte/rad bez dozvole za boravak i rad'

(arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2009/50/CE an 25 Bealtaine 2009 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tíortha chun críoch fostaíochta ar ina leith is gá ardcháilíochtaí)

— → **privremeni boravak** (CÓNAÍ SEALADACH)

Barúlacha éigeantacha sa teanga náisiúnta sa réimse**'cineál ceada':**

— *'*EU plava karta*' sa réimse 'barúlacha' (napomene) 'rad izvan godišnje kvote'*

Aistriúchán Gaeilge: 'Cárta gorm AE' agus sa réimse 'barúlacha' (napomene) 'obair lasmuigh den chuóta bliantúil'

(Treoir 2009/50/CE ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tíortha chun críoch fostaíocht ar ina leith is gá ardcháilíochtaí)

— →'ICT-privremeni boravak', 'mobile ICT - privremeni boravak'

Aistriúchán Gaeilge 'ICT-cónaí sealadach'; 'ICT-cónaí sealadach soghluaiste'

(arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le coinníollacha i ndáil le dul isteach agus cónaí na náisiúnach tríú tíortha mar chuid den aistriú ionchorparáide)

— ' privremeni boravak' agus sa réimse 'barúil' (napomene) - 'sezonski rad'

Aistriúchán Gaeilge: 'cónaí sealadach' agus sa réimse 'barúlacha' (napomene) 'obair shéasúrach'

(*arna eisiúint i gcomhréir le* Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha i ndáil le dul isteach agus cónaí na náisiúnach tríú tíortha chun bheith fostaithe mar oibrithe séasúracha)

— *'privremeni boravak' agus sa réimse 'barúil' (napomene)*'učenik','student','istraživač', 'istraživač-mobilnost', 'član obitelji istraživača – mobilnost'*, 'volonter', 'pripravnik'*

Aistriúchán Gaeilge: 'cónaí sealadach' agus sa réimse 'barúil' 'dalta', 'mac léinn', 'taighdeoir', 'taighdeoir - soghluaisteacht', 'ball teaghlaigh taighdeora - soghluaisteacht', 'seirbhís dheonach', 'oiliúnaí'

(arna eisiúint i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha dul isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críoch taighde, staidéar, oiliúint, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí, tionscadail oideachais agus obair *au pair*)

— 'azil' i 'supsidijarna zaštita' agus sa réimse 'barúlacha' (napomene) 'rad bez dozvole za boravak I rad'

Aistriúchán Gaeilge: 'tearmann' nó 'cosaint choimhdeach' agus sa réimse 'barúlacha' 'obair gan cead oibre'

(Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tíortha nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar)

— 'privremeni boravak' agus sa réimse 'barúil' (napomene) 'član obitelji azilanta' or 'član obitelji stranca pod suprsidijarnom zaštitom'

Aistriúchán Gaeilge: 'cónaí sealadach' agus sa réimse 'barúil' 'baill teaghlaigh iarrthóra tearmainn' nó 'ball teaghlaigh duine ar tugadh cosaint choimhdeach dó'

(arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun athaontú teaghlach)

— "privremeni boravak-član obitelji državljanina Republike Hrvatske

Aistriúchán Gaeilge 'ball teaghlaigh a bhfuil cónaí sealadach acu le náisiúnach den Chróit'

(Rialachán (AE) 2017/1954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do cheadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tíortha).

— 'privremeni boravak'agus sa réimse 'barúlacha' (napomene) 'rad bez dozvole za boravak I rad'

Aistriúchán Gaeilge 'cónaí sealadach' agus sa réimse 'barúlacha' 'obair gan cead oibre'

N.B. tá an bharúil le cur sa réimse 'barúlacha' i ngach cead cónaí a eisítear de réir na dteideal cónaithe lena gceadaítear obair gan cead cónaithe ná cead oibre (ceadanna aonair).

2. ***Gach doiciméad eile a eisítear do náisiúnaigh tríú tíortha atá comhionann le cead cónaithe***

— BORAVIŠNA ISKAZNICA KOJA SE IZDAJE ČLANU OBITELJI DRŽAVLJANINA DRŽAVE ČLANICE EGP-A (Cárta cónaithe do dhuine muinteartha saoránaigh den Aontas)

Sonraítear an cineál ceada cónaithe ar an gcárta agus eisítear mar seo a leanas é:

— stalni boravak (buanchónaí),

— privremeni boravak (cónaí sealadach).

3. ***Doiciméid arna n-eisiúint do thairbhithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar (amhail ón 1 Eanáir 2021)***

— **Cead cónaithe (dozvola boravka) a eisítear de réir na formáide aonfhoirmí**

Barúlacha éigeantacha sa teanga náisiúnta sa réimse 'cineál ceada':

— 'Čl. 50 UEU-a/Article 50 TEU', agus sa réimse *'BARÚLACHA'*: 'Čl. 18. st. 4.

Sporazuma/Airteagal 18(4) den Chomhaontú'

— → le haghaidh oibrithe teorann: 'Čl. 50. UEA-a-pogranični radnik/Art. 50 CAE-Oibrí teorann'.

4. ***Cártaí aitheantais speisialta arna n-eisiúint ag Prótacal Taidhleoireachta na hAireachta um Ghnóthaí Eachtracha agus Eorpacha***

— Cineál 'B' – foireann taidhleoireachta (dearg)

Eisítear é chuig ceann gach misin taidhleoireachta, chuig comhaltaí na misean sin agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois) a bhfuil stádas taidhleoireachta acu.

— Cineál 'B' – baill foirne de chuid eagraíochtaí AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta (glas)

Eisítear é chuig baill foirne de chuid eagraíochtaí AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois) a bhfuil stádas taidhleoireachta acu.

— Cineál 'C' – oifigeach consalachta (gorm)

Eisítear é chuig baill den fhoireann consalachta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois).

— Cineál 'D' – foireann riaracháin agus theicniúil (bánghorm).

Eisítear é chuig baill foirne de chuid misean taidhleoireachta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois) a bhfuil pasanna seirbhíse acu.

— Cineál 'E' – foireann seirbhíse (deargchorcra)

Eisítear é chuig baill foirne seirbhíse de chuid misean taidhleoireachta agus chuig baill dá dteaghlaigh (céilí agus leanaí suas go dtí ocht mbliana déag d'aois).

— Cineál 'F'– oifigeach consalachta oinigh (buí)

Eisítear é chuig consail oinigh.

— Cineál 'G' – saineolaithe speisialta (oráiste)

Eisítear é chuig saineolaithe speisialta agus chuig baill dá dteaghlaigh, bunaithe ar an bhfógra faoin misean i bPoblacht na Cróite, agus i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta atá ina gceangal ar Phoblacht na Cróite.

— Cineál 'H' – seirbhís phríobháideach (corcra)

Eisítear é chuig baill den chomhtheaghlach agus chuig baill seirbhíse príobháidí de chuid misean taidhleoireachta.

— Cineál 'I' – cinn eagraíochtaí idirnáisiúnta – saoránaigh den Chróit (donn)

Eisítear é chuig saoránaigh den Chróit ar cinn eagraíochtaí AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta iad, nó ar leaschinn eagraíochtaí AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta iad

AN LIOTUÁIN

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 63, 7.2.2022, lch. 6.

1. ***Ceadanna cónaithe a eisítear de réir na formáide aonfhoirmí:***

Leidimas laikinai gyventi Lietuvos Respublikoje

(Cead cónaithe sealadach i bPoblacht na Liotuáine):

Dokumento pavadinimas 'LEIDIMAS GYVENTI'

Kortelėje po užrašu 'LEIDIMO RŪŠIS' išgraviruojamas įrašas 'LEIDIMAS LAIKINAI GYVENTI'

(Iontráil sa chárta faoi 'CINEÁL CEADA': Cead cónaithe sealadach)

Įrašas 'LEIDIMAS LAIKINAI GYVENTI' *išgraviruojamas lietuvių kalba.*

(Tá an iontráil 'Cead cónaithe sealadach' scríofa sa Liotuáinis)

Dokumento išdavimo laikotarpis: nuo 2020-09-17

(Fad eisiúna an doiciméid: ón 17 Meán Fómhair 2020)

Lietuvos Respublikos ilgalaikio gyventojo leidimas gyventi Europos Sąjungoje

(Cead lena gceadaítear do chónaitheoir fadtéarmach i bPoblacht na Liotuáine a bheith ina chónaí san Aontas Eorpach):

Dokumento pavadinimas 'LEIDIMAS GYVENTI'

Kortelėje po užrašu 'LEIDIMO RŪŠIS' išgraviruojamas įrašas

'LEIDIMAS NUOLAT GYVENTI'

(Iontráil sa chárta faoi 'CINEÁL CEADA': Cead buanchónaithe)

Įrašas 'LEIDIMAS NUOLAT GYVENTI' *išgraviruojamas lietuvių kalba.*

(Tá an iontráil 'Cead buanchónaithe' scríofa sa Liotuáinis.)

Dokumento išdavimo laikotarpis: nuo 2020-09-17

(Fad eisiúna an doiciméid: ón 17 Meán Fómhair 2020)

— **Sąjungos piliečio šeimos nario leidimo gyventi šalyje kortelė**, išduodama nuo 2020-09-17.

(Cárta cónaithe do dhuine muinteartha saoránaigh den Aontas, arna eisiúint ón 17 Meán Fómhair 2020).

Kortelėje po užrašu 'PASTABOS' išgraviruojamas įrašas

'TEISĖ GYVENTI LAIKINAI' arba 'TEISĖ GYVENTI NUOLAT'.

(Iontráil sa chárta faoi 'BARÚLACHA': 'Ceart cónaithe sealadach' nó 'Ceart buanchónaithe')

Įrašai 'Teisė gyventi laikinai' ir 'Teisė gyventi nuolat' išgraviruojami lietuvių kalba.

(Tá na hiontrálacha ' TEISĖ GYVENTI LAIKINAI' *agus* 'TEISĖ GYVENTI NUOLAT *' scríofa sa Liotuáinis.)*

— **Leidimas laikinai gyventi Lietuvos Respublikoje**

Leidimo tipas 'LEIDIMAS GYVENTI'

(Cead cónaithe sealadach i bPoblacht na Liotuáine):

Kortelėje po užrašu 'Leidimo rūšis' išgraviruojamas įrašas

' LEIDIMAS LAIKINAI GYVENTI '

(Iontráil sa chárta faoi 'Cineál ceada': Cead cónaithe sealadach)

Įrašas 'LEIDIMAS LAIKINAI GYVENTI ' išgraviruojamas lietuvių kalba.

(Tá an iontráil 'Cead cónaithe sealadach' scríofa sa Liotuáinis)

— **Lietuvos Respublikos ilgalaikio gyventojo leidimas gyventi Europos Bendrijoje**

(Cead lena gceadaítear do chónaitheoir fadtéarmach de Phoblacht na Liotuáine a bheith ina chónaí sa Chomhphobal Eorpach):

Kortelėje po užrašu 'Leidimo rūšis' išgraviruojamas įrašas

' LEIDIMAS NUOLAT GYVENTI '

(Iontráil sa chárta faoi 'Cineál ceada': Cead buanchónaithe)

Įrašas 'LEIDIMAS NUOLAT GYVENTI' išgraviruojamas lietuvių kalba.

(Tá an iontráil 'Cead buanchónaithe' scríofa sa Liotuáinis.)

Dokumento išdavimo laikotarpis: 16 Nollaig 2006 – 19 Bealtaine 2012.

(Fad eisiúna an doiciméid: 16 Nollaig 2006 – 19 Bealtaine 2012)

— **Lietuvos Respublikos ilgalaikio gyventojo leidimas gyventi Europos Sąjungoje (išduodamas nuo 2012-05-20)**

(Cead lena gceadaítear do chónaitheoir fadtéarmach de Phoblacht na Liotuáine a bheith ina chónaí san Aontas Eorpach, eisithe ón 20 Bealtaine 2012)

Kortelėje po užrašu 'Leidimo rūšis' išgraviruojamas įrašas

'LEIDIMAS NUOLAT GYVENTI'

(Iontráil sa chárta faoi 'Cineál ceada': Cárta buanchónaithe)

Įrašas 'LEIDIMAS NUOLAT GYVENTI' išgraviruojamas lietuvių kalba.

(Tá an iontráil 'Cead buanchónaithe' scríofa sa Liotuáinis.)

— **Sąjungos piliečio šeimos nario leidimo gyventi šalyje kortelė, išduodama nuo 2012-01-05.**

(Cárta cónaithe do dhuine muinteartha saoránaigh den Aontas, arna eisiúint ón 5 Eanáir 2012).

Kortelėje po užrašu 'Pastabos' išgraviruojamas įrašas

'*TEISĖ GYVENTI LAIKINAI*' arba 'TEISĖ GYVENTI NUOLAT '.

(Iontráil sa chárta faoi 'BARÚLACHA': 'Ceart cónaithe sealadach' nó 'Ceart buanchónaithe')

Įrašai 'TEISĖ GYVENTI LAIKINAI' ir 'TEISĖ GYVENTI NUOLAT ' išgraviruojami lietuvių kalba.

(Tá na hiontrálacha 'Ceart cónaí go sealadach' agus 'Ceart cónaí go buan' scríofa sa Liotuáinis.)

— **Europos Sąjungos valstybės narės piliečio šeimos nario leidimas gyventi Lietuvos Respublikoje, buvo išduodamas iki 2012-01-04.**

(Cead cónaithe i bPoblacht na Liotuáine atá ag duine muinteartha saoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach, arna eisiúint go dtí 4 Eanáir 2012):

Kortelėje prie užrašo 'Leidimo rūšis' įrašoma

(Iontráil sa chárta faoi 'Cineál ceada'):

— 'Leidimas gyventi' (galioja 5 m.) arba

(Cead cónaithe, bailí go ceann 5 bliana, nó)

— 'Leidimas gyventi nuolat' (galioja 10 m.)

(Cead buanchónaithe, bailí go ceann 10 mbliana).

Įrašai 'Leidimas gyventi' ir 'Leidimas gyventi nuolat' išgraviruojami lietuvių kalba.

(Tá na hiontrálacha 'Cead cónaithe' agus 'Cead buanchónaithe' scríofa sa Liotuáinis.)

— **Europos Bendrijų valstybės narės piliečio leidimas gyventi**

(Ceadanna cónaithe arna n-eisiúint do náisiúnaigh tríú tíortha ar daoine muinteartha saoránaigh den Aontas Eorpach iad):

Buvo išduodamas nuo 2004-11-15 iki 2007-10-31 (su įrašu 'Leidimas gyventi nuolat') .

(Eisíodh é ón 15 Samhain 2004 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2007).

Buvo išduodamas nuo 2004-11-15 iki 2006-12-16 (su įrašu 'Leidimas gyventi') .

(Eisíodh é ón 15 Samhain 2004 go dtí an 16 Nollaig 2006).

Kortelėje prie užrašo 'leidimo rūšis' įrašoma

(Iontráil sa chárta faoi 'Cineál ceada'):

— 'Leidimas gyventi' (galioja 5 m.) arba

(Cead cónaithe, bailí go ceann 5 bliana, nó)

— 'Leidimas gyventi nuolat' (galioja 10 m.)

(Cead buanchónaithe, bailí go ceann 10 mbliana).

Įrašai 'Leidimas gyventi' ir 'Leidimas gyventi nuolat' išgraviruojami lietuvių kalba.

(Tá na hiontrálacha 'Cead cónaithe' agus 'Cead buanchónaithe' scríofa sa Liotuáinis.)

2. ***Tá gach doiciméad eile a eisítear do náisiúnaigh tríú tíortha comhionann le cead cónaithe***

— Asmens grįžimo pažymėjimas: asmenims be pilietybės, turintiems leidimą gyventi Lietuvos Respublikoje, ar trečiųjų šalių piliečiams, jeigu tai numatyta pagal Lietuvos Respublikos tarptautines sutartis ar Europos Sąjungos teisės aktus, išduodamas dokumentas, leidžiantis sugrįžti į Lietuvos Respubliką.

(Deimhniú maidir le haisdúichiú: doiciméad a eisítear do dhaoine gan stát, ar daoine iad a bhfuil cead cónaithe acu i bPoblacht na Liotuáine, nó do náisiúnaigh tríú tíortha, i gcás ina dtugtar é faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta Phoblacht na Liotuáine nó faoi ghníomhartha dlí de chuid an Aontais Eorpaigh, doiciméad lena n-údaraítear dóibh filleadh ar Phoblacht na Liotuáine).

— ‘A’ kategorijos akreditacijos pažymėjimas

(Deimhniú creidiúnaithe, catagóir ‘A’):

Išduodamas diplomatiniams agentams, konsuliniams pareigūnams ir tarptautinių organizacijų atstovybių nariams, kurie pagal tarptautinę teisę naudojasi diplomatinėmis privilegijomis ir imunitetais

(Eisítear é do ghníomhairí taidhleoireachta, d’oifigigh chonsalacha agus do chomhaltaí oifigí ionadaíocha de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta, a bhfuil díolúintí agus pribhléidí taidhleoireachta acu faoin dlí idirnáisiúnta)

— ‘B’ kategorijos akreditacijos pažymėjimas

(Deimhniú creidiúnaithe, catagóir ‘B’):

Išduodamas administracinio techninio personalo nariams ir konsuliniams darbuotojams.

(Eisítear é do bhaill foirne riaracháin agus teicniúla agus d’fhostaithe consalacha)

Tokios pačios formos kaip ‘A’ kategorijos pažymėjimas, tik šoninė juosta yra ne raudonos, o žalios spalvos

(Tá an fhormáid chéanna aige le deimhniú chatagóir ‘A’, ach amháin gur dath glas atá ar an taobhstiall seachas dath dearg);

— ‘C’ kategorijos akreditacijos pažymėjimas

(Deimhniú creidiúnaithe, catagóir ‘C’):

Išduodamas diplomatinių atstovybių aptarnaujančiojo personalo nariams ir privatiems diplomatų namų darbininkams.

(Eisítear é do phearsanra seirbhísithe de chuid misean taidhleoireachta agus do sheirbhísigh phríobháideacha i dteaghlaigh thaidhleoireachta)

Tokios pačios formos kaip ‘A’ kategorijos pažymėjimas, tik šoninė juosta yra ne raudonos, o geltonos spalvos.

(Tá an fhormáid chéanna aige le deimhniú chatagóir ‘A’, ach amháin gur dath buí atá ar an taobhstiall seachas dath dearg);

— ‘D’ kategorijos akreditacijos pažymėjimas

(Deimhniú creidiúnaithe, catagóir ‘D’):

Išduodamas užsienio valstybių garbės konsulams.

(Eisítear é do na consail oinigh eachtracha)

— ‘E’ kategorijos akreditacijos pažymėjimas

(Deimhniú creidiúnaithe, catagóir ‘E’):

Išduodamas tarptautinių organizacijų atstovybių nariams, kurie pagal tarptautinę teisę naudojasi ribotais imunitetais ir privilegijomis.

(Eisítear é do chomhaltaí oifigí ionadaíocha de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta, a bhfuil díolúintí agus pribhléidí teoranta acu faoin dlí idirnáisiúnta).

Tokios pačios formos kaip ‘A’ kategorijos pažymėjimas, tik šoninė juosta yra ne raudonos, o pilkos spalvos.

(Tá an fhormáid chéanna aige le deimhniú chatagóir ‘A’, ach amháin gur dath liath atá ar an taobhstiall seachas dath dearg).

— ‘Statuso pažymėjimas’, išduodamas nuo 2022-01-01

(‘Deimhniú stádais’ arna eisiúint ón 1 Eanáir 2022)

Išduodamas ginkluotųjų pajėgų kariniam personalui, ginkluotose pajėgose dirbantiems civiliams darbuotojams, rangovams (fiziniams asmenims) ir karinio personalo, ginkluotose pajėgose dirbančių civilių darbuotojų, rangovų išlaikytiniams (šeimos nariams).

(Eisítear é don phearsanra míleata sna fórsaí armtha, don phearsanra sibhialta fostaithe sna fórsaí armtha, do chonraitheoirí (daoine nádúrtha) agus do chleithiúnaithe (baill teaghlaigh) ball den phearsanra míleata, den phearsanra shibhialta fostaithe sna fórsaí armtha, agus de chonraitheoirí.)

— Skaitmeninis leidimas laikinai gyventi, išduodamas asmenims, kuriems suteikta laikinoji apsauga – pagal Tarybos įgyvendinimo sprendimas (ES) 2022/382 2022 m. kovo 4 d. kuriuo pagal Direktyvos 2001/55/EB 5 straipsnį nustatoma, kad iš Ukrainos yra perkeltųjų asmenų masinis srautas, ir pradedama taikyti laikinoji apsauga (OL L 71, 2022 3 4, p. 1)

(Cead cónaithe sealadach digiteach a eisítear chuig tairbhithe den chosaint shealadach – faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d’insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d’éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1))

AN ÍSILTÍR

Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 31, 25.01.2019, lch. 5.

1. Ceadanna cónaithe a eisítear de réir na formáide aonfhoirmí

— Regulier bepaalde tijd

(Rialta – téarma seasta)

— Regulier onbepaalde tijd

(Rialta – buan)

— Asiel bepaalde tijd

(Tearmann – téarma seasta)

— Asiel onbepaalde tijd

(Tearmann – buan)

— EU/EER (Gemeenschapsonderdanen)

(náisiúnaigh den Aontas Eorpach)

2. ***Tá gach doiciméad eile a eisítear do náisiúnaigh tríú tíortha comhionann le cead cónaithe***

— Het Geprivilegeerdendocument

(Doiciméad do dhaoine faoi phribhléid)

NB: Eisítear an doiciméad do ghrúpa ‘daoine faoi phribhléid’ arb iad atá ann comhaltaí den chór taidhleoireachta, den chór consalachta agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta áirithe, agus baill dá dteaghlaigh.

— Visum voor terugkeer

(Visa athiontrála)

— Liosta na ndaoine atá ag glacadh páirt i dturas scoile laistigh den Aontas Eorpach.

— Certificaat dat wordt afgegeven aan begunstigden van tijdelijke bescherming – uit hoofde van Uitvoeringsbesluit (EU) 2022/382 van de Raad van 4 maart 2022 tot vaststelling van het bestaan van een massale toestroom van ontheemden uit Oekraïne in de zin van artikel 5 van Richtlijn 2001/55/EG, en tot invoering van tijdelijke bescherming naar aanleiding daarvan (PB L 71 van 4 Márta 2022, blz. 1)

(Deimhniú a eisítear chuig tairbhithe den chosaint shealadach – faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).)

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 1.
IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.
IO C 153, 6.7.2007, lch. 1.
IO C 164, 18.7.2007, lch. 45
IO C 192, 18.8.2007, lch. 11.
IO C 271, 14.11.2007, lch. 14.
IO C 57, 1.3.2008, lch. 31.
IO C 134, 31.5.2008, lch. 14.
IO C 207, 14.8.2008, lch. 12.
IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.
IO C 3, 8.1.2009, lch. 5.
IO C 64, 19.3.2009, lch. 15.
IO C 198, 22.8.2009, lch. 9.
IO C 239, 6.10.2009, lch. 2.
IO C 298, 8.12.2009, lch. 15.
IO C 308, 18.12.2009, lch. 20.
IO C 35, 12.2.2010, lch. 5.
IO C 82, 30.3.2010, lch. 26.
IO C 103, 22.4.2010, lch. 8.
IO C 108, 7.4.2011, lch. 7.
IO C 157, 27.5.2011, lch. 5.
IO C 201, 8.7.2011, lch. 1.
IO C 216, 22.7.2011, lch. 26.
IO C 283, 27.9.2011, lch. 7.
IO C 199, 7.7.2012, lch. 5.
IO C 214, 20.7.2012, lch. 7.
IO C 298, 4.10.2012, lch. 4.
IO C 51. 22.2.2013, lch. 6.
IO C 75. 14.3.2013, lch. 8.
IO C 77, 15.3.2014, lch. 4.
IO C 118, 17.4.2014, lch. 9.
IO C 200, 28.6.2014, lch. 59.
IO C 304, 9.9.2014, lch. 3.
IO C 390, 5.11.2014, lch. 12.
IO C 210, 26.6.2015, lch. 5.
IO C 286, 29.8.2015, lch. 3.
IO C 151, 28.4.2016, lch. 4.
IO C 16, 18.1.2017, lch. 5.
IO C 69, 4.3.2017, lch. 6.
IO C 94, 25.3.2017, lch. 3.
IO C 297, 8.9.2017, lch. 3.
IO C 343, 13.10.2017, lch. 12.
IO C 100, 16.3.2018, lch. 25.
IO C 144, 25.4.2018, lch. 8.
IO C 173, 22.5.2018, lch. 6.
IO C 222, 26.6.2018, lch. 12.
IO C 248, 16.7.2018, lch. 4.
IO C 269, 31.7.2018, lch. 27.
IO C 345, 27.9.2018, lch. 5.
IO C 27, 22.1.2019, lch. 8.
IO C 31, 25.1. 2019. lch. 5
IO C 34, 28.1.2019, lch. 4.
IO C 46, 5.2.2019, lch. 5.
IO C 330, 6.10.2020, lch. 5.
IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.
IO C 140, 21.4.2021, lch. 2.
IO C 150, 28.4.2021, lch. 5.
IO C 365, 10.9.2021, lch. 3.
IO C 491, 7.12.2021, lch. 5.
IO C 509, 17.12.2021, lch. 10.
IO C 63, 7.2.2022, lch. 6.
IO C 272, 15.7.2022, lch. 4
IO C 304, 9.8.2022, lch. 5.
IO C 393, 13.10.2022, lch. 10.
IO C 072, 28.2.2023, lch. 44.